Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2016

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh

## Líníocht

## Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí
19 Aibreán, 2016

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir

3 Bealtaine agus 13 Bealtaine, 2016

100 marc

## Treoracha d'iarrthóirí

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, mar leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha)**<br>nó<br>**Catagóir B (Deilbheacha Saorga)** | Breathnóireacht 25 marc<br>Léirmhíniú 25 marc | Iomlán 50 marc |

agus

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir C (Deilbheacha Daonna)** | Breathnóireacht 25 marc<br>Léirmhíniú 25 marc | Iomlán 50 marc |

Ní cóir go mbeadh na bileoga líníochta níos mó ná méid A2. Bain úsáid as bileog ar leith le haghaidh gach catagóire – dhá bhileog san iomlán.

Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir go soiléir ar an dá bhileog líníochta atá agat.

Tá cead agat aon mheán oiriúnach a úsáid, pinn luaidhe, pastail, criáin, peann agus dúch, péinteanna, marcóirí, nó meascán ar bith díobh sin san áireamh.

Ná spraeáil buanaitheoir ar d'obair ealaíne.

Más mian leat bileog líníochta dhaite a úsáid, ní mór don Fheitheoir í a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú le deimhniú nach raibh aon rud uirthi sular thosaigh tú.

Ní mór teideal an ruda a roghnaíonn tú as Catagóir A nó as Catagóir B a scríobh ar an mbileog líníochta ionas gur féidir é a aithint go soiléir.

Ceadaítear 90 nóiméad le haghaidh Chatagóir C, na tréimhsí sosa uile a bheidh ag an gcuspa beo san áireamh.

Nuair a bheidh an scrúdú líníochta thart, cuir an dá bhileog líníochta i do chlúdach in éineacht le do shaothar tionscadail 2T.

Cuir in iúl ar an seicliosta ar an gclúdach go bhfuil an dá bhileog líníochta faoi iamh.

Ní mór do chlúdach a shéalú ansin i láthair an Fheitheora.

Ní ceadmhach an clúdach a oscailt athuair.

Ní mór an obair 3T a chur ar bharr an chlúdaigh shéalaithe.

## Riachtanais an Scrúdaithe

Tá ort **dhá** líníocht a dhéanamh, mar leanas:

**Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha)**
nó
**Catagóir B (Deilbheacha Saorga) 9:30 a.m. – 10:30 a.m.**
agus
**Catagóir C (Deilbheacha Daonna) 11:00 a.m. – 12:30 p.m.**

Roghnaigh rud amháin as Catagóir A nó as Catagóir B thíos agus **ainmnigh** ar an mbileog líníochta é.

| **Catagóir A – Deilbheacha Nádúrtha** | **Catagóir B – Deilbheacha Saorga** |
|---|---|
| cinn síolta<br>gríscín nó lorga sicín<br>an rud a fuair mé faoi chloch<br>cruthanna pasta<br>bleibín(í) don ghairdín<br>banana agus leath an chraicinn bainte de<br>lón<br>uibheacha / cócaráilte / briste<br>torthaí úra<br>sliseog de chíste<br>duilleoga nó peitil atá tar éis titim | buidéil de vearnais ingne<br>glas fraincín agus eochracha<br>páirteanna de (ghluais)rothar<br>sceanra<br>bróga caite / bróga reatha<br>bréigéide / hata / aghaidh fidil<br>uirlisí glanta tí<br>uirlisí gearrtha líonóile nó uirlisí baitíc<br>fearas deisithe poill<br>ornáidí coirp<br>mo scuab fiacla agus / nó taos fiacla |

**Gnáthleibhéal**
Tarraing líníocht den deilbh iomlán **nó** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

**Ardleibhéal**
Tarraing líníocht den deilbh iomlán **agus** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

## Catagóir C – Deilbheacha Daonna

Ba chóir don chuspa beo a bheith ina s(h)uí ar chathaoir.

Ba chóir do chosa an chuspa a bheith trasna ar a chéile ag na rúitíní (murnáin), an rúitín deas thar an rúitín clé.

Ba chóir do lámh chlé an chuspa a bheith ina luí ar a g(h)lúin chlé agus ba chóir don lámh dheas a bheith ina luí ar an ghlúin dheas.

Ba chóir don chuspa a bheith ag féachaint ar dheis.

**Ní mór na gnéithe d'aghaidh an chuspa a bheith le feiceáil** – má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ba chóir í a cheangal siar.

**Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**
Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an staidiúir iomlán a thaispeáint.
**nó**
Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an cloigeann agus na guaillí a thaispeáint.
Ní mór duit na gnéithe uile den aghaidh is féidir leat a fheiceáil a tharraingt i do líníocht.

An Teastas Sóisearach – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Líníocht

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí ar 19 Aibreán, 2016
Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir 3 Bealtaine agus 13 Bealtaine, 2016